Glao ar ranníocaíochtaí (Uimh. IX-2023/01)

"RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA"

(2022/C 203/04)

CLÁR

Leathanach

A. Réamhrá agus creat dlíthiúil 18
B. Cuspóir an phlean 19
C. Cuspóir, catagóir agus foirm an chistithe 19
D. an buiséad atá ar fáil 19
E. ceanglais inghlacthachta maidir le hiarratais ar Mhaoiniú 19
F. Critéir chun iarratais ar chistiú a mheas 20
F.1 Critéir eisiaimh 20
F.2 Critéir incháilitheachta 20
F.3 Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin 20
G. rialú comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an údarás 21
H. Téarmaí agus coinníollacha 21
I. uainiú 21
J. Sonraí pearsanta a nochtadh agus a phróiseáil 22
K. Faisnéis eile 22

A. **RÉAMHRÁ AGUS CREAT DLÍTHIÚIL**

1. Faoi Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal na hEorpa le feasacht pholaitiúil a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.

2. I gcomhréir le hAirteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus go háirithe na rialacha a bhaineann lena gcistiú. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]), mar a leasaíodh ina dhiaidh sin.

3. De bhun Airteagal 17(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, maidir le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar ranníocaíochtaí.

4. Dá bhrí sin, tá an glao seo ar ranníocaíochtaí á sheoladh ag Parlaimint na hEorpa d'fhonn ranníocaíochtaí a dhámhachtain do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ("glao").

5. Sainítear an creat bunúsach dlí sna gníomhartha dlíthiúla seo a leanas:

   a) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

   b) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 1 Iúil 2019, lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([2]) ("Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019");

   c) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([3]) ("an Rialachán Airgeadais");

   d) Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) 2015/2401 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir le hinneachar agus feidhmiú Chlár na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([4]);

   e) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2246 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2015 maidir le forálacha mionsonraithe i ndáil leis an uimhirchóras clárúcháin is infheidhme i ndáil le clár na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus le faisnéis arna soláthar ag sleachta caighdeánacha ón gclár ([5]);

   f) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ([6]).

   An 25 Samhain 2021, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra ([7]) (athmhúnlú) le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014. Féadfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa na leasuithe ar an rialachán a fhormheas roimh an mbliain airgeadais 2023 nó lena linn. Le teacht i bhfeidhm an rialacháin nua roimh an mbliain 2023 nó lena linn, d'fhéadfadh sé go spreagfaí athruithe ábhartha ar chreat bunúsach dlí an chistithe ó 2023, rud a bhféadfadh gá a bheith leis ceartúchán teicniúil a dhéanamh ar an nglao sin.

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1. Foilsíodh dhá leasú in IO L 114 I, 4.5.2018, lch. 1, agus in IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 7.
([2]) IO C 249, 25.7.2019, lch. 2.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) IO L 333, 19.12.2015, lch. 50.
([5]) IO L 318, 4.12.2015, lch. 28.
([6]) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa mhí Mheán Fómhair 2021.
([7]) COM(2021) 734 final, 2021/0375(COD)

B. **CUSPÓIR AN PHLEAN**

6. Is é cuspóir an ghlao seo cuireadh a thabhairt do pháirtithe polaitiúla Eorpacha cláraithe iarratais ar chistiú ó bhuiséad an Aontais a chur isteach ("iarratais ar chistiú").

C. **CUSPÓIR, CATAGÓIR AGUS FOIRM AN CHISTITHE**

7. Is é is cuspóir don chistiú tacú le gníomhaíochtaí agus cuspóirí reachtúla an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú ranníocaíochta atá le tabhairt i gcrích idir an páirtí polaitiúil Eorpach is tairbhí agus Parlaimint na hEorpa.

8. Is ionann catagóir an chistithe agus an ranníocaíocht le páirtithe polaitiúla Eorpacha, de bhun Theideal XI den Rialachán Airgeadais ("ranníocaíocht"). Tá an ranníocaíocht i bhfoirm aisíocaíochta ar chéatadán den chaiteachas inaisíoctha arna thabhú iarbhír.

9. Ní sháróidh an t-uasmhéid a íocfaidh Parlaimint na hEorpa leis an tairbhí 90 % den chaiteachas inaisíoctha arna léiriú sa bhuiséad measta ná 90 % den chaiteachas inaisíoctha a tabhaíodh iarbhír.

D. **AN BUISÉAD ATÁ AR FÁIL**

10. Is ionann an cistiú atá beartaithe don bhliain airgeadais 2023 faoi Airteagal 402 de bhuiséad Pharlaimint na hEorpa "Cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha" agus EUR 46 000 000 arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa ina dréachtmheastacháin. Bunóidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí atá ar fáil agus atá le dáileadh sa bhuiséad formheasta deiridh don bhliain 2023.

E. **CEANGLAIS INGHLACTHACHTA MAIDIR LE HIARRATAIS AR MHAOINIÚ**

11. Beidh iarratais ar chistiú inghlactha más rud é

    a) go gcuirtear isteach iad i scríbhinn agus úsáid á baint as an bhfoirm iarratais atá i gceangal leis an nglao seo, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta go léir a éilítear ann;

    b) go bhfuil an gealltanas iontu, a chuirtear in iúl i scríbhinn tríd an bhfoirm dearbhaithe atá i gceangal leis an nglao seo a shíniú, go n-aontaíonn an t-iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha chomh maith leis na critéir eisiaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 1a a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019;

    c) go bhfuil litir iontu ó ionadaí dlíthiúil lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin thar ceann an iarratasóra;

    d) go seoltar iad chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa faoin **30 Meán Fómhair 2022**, i bhformáid pdf más féidir, mar chóip leictreonach nó mar chóip leictreonach (ina bhfuil síniú leictreonach cáilithe[1]), chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo a leanas: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu.

    Ní mór sínithe lámhscríofa nó ríomhshínithe cáilithe (QES) a bheith ar dhoiciméid na n-iarratas, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Ríomhaitheantas agus Seirbhísí Iontaobhais (eIDAS) ([8]).

    Má dhéantar iarratais a thíolacadh go leictreonach agus má bhíonn sínithe lámhscríofa ar phíosaí áirithe doiciméadachta, coimeádfaidh an t-iarratasóir aon bhunchóip, go hiomlán nó go páirteach, arna iarraidh sin do sheirbhísí Pharlaimint na hEorpa, agus cuirfidh sé na bunchóipeanna sin chuig an seoladh fisiciúil seo a leanas:

Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
Faoi bhráid: An tUasal Didier Kléthi, Ard-Stiúrthóir Airgeadais
ADENAUER 04T003
L-2929 Lucsamburg
LUCSAMBURG

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

12. Más rud é, de bhun Airteagal 4(2) den Chinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019, go n-iarrfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ar an iarratasóir bundoiciméid tacaíochta nó soiléirithe a thíolacadh i bhfoirm páipéir maidir leis an iarratas, úsáidfidh an t-iarratasóir an seoladh fisiciúil a luaitear i mír 11. Glactar freisin le ríomhdhoiciméid a shínítear leis an ríomhshíniú cáilithe agus seolfar chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil iad: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu.

    Déanfar aon chomhfhreagras eile maidir leis an iarratas trí úsáid a bhaint as an mbosca ríomhphoist feidhmiúil atá luaite thuas.

13. Féadfar diúltú d'iarratais a ndearnadh measúnú orthu mar iarratais neamhiomlána.

F. **CRITÉIR CHUN IARRATAIS AR CHISTIÚ A MHEAS**

F.1 **Critéir eisiaimh**

14. Déanfar iarratasóirí a eisiamh ón nós imeachta cistiúcháin, más rud é:

    a) i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1), in Airteagal 136(2) nó in Airteagal 141 den Rialachán Airgeadais;

    b) faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1) agus i bpointí (v), (vi) agus (vii) d'Airteagal 27(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

F.2 **Critéir incháilitheachta**

15. Chun a bheith incháilithe do chistiú ón Aontas, ní mór d'iarratasóirí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a chomhlíonadh, i.e. maidir leis an iarratasóir;

    a) ní mór é a bheith cláraithe leis an Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([9]) ("an tÚdarás") i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

    b) ní mór ionadaíocht a bheith aige ag 1 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa dá chuid ar a laghad i bParlaimint na hEorpa;

    c) ní mór na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a bheith á gcomhlíonadh aige, i.e. ní mór dó na ráitis airgeadais bhliantúla ([10]), an tuarascáil iniúchóireachta seachtraí agus liosta na ndeontóirí agus na rannchuiditheoirí, mar atá sonraithe ann, a bheith curtha isteach aige;

    d) ní mór dó na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 18(2a) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a bheith á gcomhlíonadh, i.e. ní mór dó an fhianaise a chur isteach lena léirítear go ndearna a bhallpháirtithe ón Aontas Eorpach, mar riail, clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir, go ceann tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2021 agus an 30 Meán Fómhair 2022.

16. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, is é an toradh a bheidh ar chomhaltacht d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa i roinnt páirtithe polaitiúla Eorpacha go measfar an Feisire lena mbaineann a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon pháirtí polaitiúil Eorpach amháin, arb é, i gcás inarb ábhartha, an páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach lena bhfuil a pháirtí nó a páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar chistiú a chur isteach.

17. Moltar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis maidir le cothromaíocht inscne a chur ar a suíomhanna gréasáin.

F.3 **Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin**

18. I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, déanfar na leithreasaí faoi seach atá ar fáil a dháileadh go bliantúil. Dáilfear iad ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha ar formheasadh a n-iarratais ar chistiú i bhfianaise na gcritéar incháilitheachta agus eisiaimh, ar bhonn na heochrach dáilte seo a leanas:

    a) dáilfear 10 % ina scaireanna comhionanna i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe,

([9]) arna bhunú de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014:

([10]) Mura raibh an t-iarratasóir faoi réir an rialaithe faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 (mar shampla: nuachruthaithe)

b) dáilfear 90 % i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe i gcomhréir lena sciar de chomhaltaí tofa Pharlaimint na hEorpa; de bhun17(3) de Rialachán (AE, Euratom) 1141/2014, ní dhéanfar Feisire de Pharlaimint na hEorpa a mheas ach mar chomhalta d'aon pháirtí polaitiúil Eorpach amháin, arb é, i gcás inarb ábhartha, an páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach lena bhfuil a pháirtí nó a páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar chistiú a chur isteach.

G. **RIALÚ COMHPHÁIRTEACH AG PARLAIMINT NA HEORPA AGUS AG AN ÚDARÁS**

19. Foráiltear le hAirteagal 24(1) agus (2) ([11]) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 do rialú comhroinnte idir Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás.

20. Más rud é, de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, go bhfuil an tÚdarás inniúil chun comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin sin a rialú, cuirfidh Parlaimint na hEorpa na hiarratais ar chistiú ar aghaidh chuig an Údarás.

21. Ag gach céim den nós imeachta [dámhachtain], leanfar de cheangal ar iarratasóirí faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 aon fhaisnéis is gá a sholáthar, arna iarraidh sin don Údarás, chun na rialuithe a bhfuil sé freagrach astu a chur i gcrích. Féadfar a bheith ar áireamh leis sin, go háirithe, doiciméid nó soiléirithe sa bhreis ar na hiarratais ar mhaoiniú, atá le cur isteach san fhormáid a shonróidh an tÚdarás.

22. Cuirfidh an tÚdarás toradh a rialuithe agus a fhíoruithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa.

H. **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA**

23. Tá sé d'oibleagáid ar iarratasóirí fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa faoi aon athruithe maidir leis na doiciméid a thíolacfar nó maidir le haon fhaisnéis dá dtagraítear san iarratas laistigh de choicís ón athrú sin. In éagmais fógra den sórt sin, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin cinneadh a dhéanamh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, d'ainneoin aon fhaisnéis a soláthraíodh ag céim níos déanaí nó a fhoilseofar trí bhealaí eile.

24. Maidir leis an gcoinníoll go leanann an t-iarratasóir de na critéir maidir le maoiniú a chomhlíonadh, is ar an iarratasóir a bheidh an dualgas cruthúnais.

25. Leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le cistiú ón Aontas atá le dámhachtain faoin nglao seo in Iarscríbhinn 1a a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019.

26. Glacfaidh gach iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 25 den ghlao seo tríd an bhfoirm dhearbhúcháin atá i gceangal leis an nglao seo a shíniú. Tá na téarmaí agus coinníollacha sin ina gceangal ar an tairbhí ar bronnadh an maoiniú air agus sonraítear iad sa chomhaontú ranníocaíochta.

I. **UAINIÚ**

27. Is é an 30 Meán Fómhair 2022 an spriocdháta chun na hiarratais ar chistiú a chur isteach.

([11]) Airteagal 24(1)-(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 - Rialacha ginearálta maidir le rialú:

"1. Déanfar rialú ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheidhmiú i gcomhar leis an Údarás, le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit inniúla.

2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar a oibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, pointe (a), pointe (b), agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointe (a) go pointe (d) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1), Airteagal 9(5) agus (6), agus Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22."

Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith a gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

28. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis dhúnadh an ghlao ar ranníocaíochtaí. Tar éis an chinnidh sin, cuirtear cinntí aonair arna síniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa in iúl do na hiarratasóirí.

29. Foráiltear go bhfaighidh na hiarratasóirí a n-éireoidh leo an dréacht-chomhaontú ranníocaíochta a bheidh le síniú acu i mí Eanáir 2023 agus go gcuirfear na hiarratasóirí a ndiúltófar dóibh ar an eolas ag an am céanna. D'fhéadfaí an comhaontú ranníocaíochta a shíniú le síniú leictreonach cáilithe (QES). Déanfar an réamh-mhaoiniú a íoc laistigh de 30 lá tar éis an comhaontú ranníocaíochta a shíniú ina dhiaidh sin thar ceann Pharlaimint na hEorpa.

J. **SONRAÍ PEARSANTA A NOCHTADH AGUS A PHRÓISEÁIL**

30. Foilseoidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás, lena n-áirítear ar an idirlíon, faisnéis de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

31. Déanfar aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an ghlao seo a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([12]) agus de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE. Euratom) Uimh. 1141/2014.

32. Déanfar na sonraí sin a phróiseáil chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar chistiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá an méid sin gan dochar d'aistriú féideartha na sonraí sin chuig na comhlachtaí atá freagrach as cúraimí fíorúcháin agus iniúchóireachta a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais, amhail seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí de chuid Pharlaimint na hEorpa, an Údaráis, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

33. Ar bhonn iarraidh i scríbhinn, féadfaidh aon duine nádúrtha a bhaineann leis an tairbhí rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta nó ar a sonraí pearsanta agus aon sonraí míchruinne nó neamhiomlána a cheartú. Féadfar an iarraidh maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Pharlaimint na hEorpa nó Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh an duine lena mbaineann, tráth ar bith, gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta.

34. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa sonraí pearsanta a chlárú sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh i gcás ina mbeadh an tairbhí i gceann de na cásanna a luaitear in Airteagal 136(1) agus in Airteagal 141 den Rialachán Airgeadais.

K. **FAISNÉIS EILE**

35. Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an nglao seo a sheoladh trí ríomhphost, agus tagairt an fhoilseacháin á lua, chuig an seoladh ríomhphoist feidhmiúil seo: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu

36. An reachtaíocht bhunúsach a shonraítear i mír 5(b) den ghlao seo agus an fhoirm iarratais ar mhaoiniú atá i gceangal leis an nglao seo, tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa (http://www.europarl.europa.eu/tenders/invitations.htm).

Iarscríbhinn: An fhoirm iarratais ar chistiú, lena n-áirítear an fhoirm aitheantais airgeadais, an dearbhú maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha chomh maith leis na critéir eisiaimh, agus samhail an bhuiséid mheasta

([12]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

IARSCRÍBHINN a

AN FHOIRM IARRATAIS AR CHISTIÚ

RANNÍOCAÍOCHTAÍ [1] **LE PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA**

DON BHLIAIN AIRGEADAIS [CUIR ISTEACH]

COMHDHÉANAMH AN IARRATAIS AR CHISTIÚ

Tá an tábla seo a leanas ceaptha cabhrú leat d'iarratas ar chistiú a ullmhú. Is féidir é a úsáid mar sheicliosta lena chinntiú go bhfuil na doiciméid riachtanacha ar fad curtha isteach agat.

Uimhir an doiciméid:	Doiciméid atá le soláthar	
	Doiciméid nach mór a sholáthar ach nach n-áirítear sa tsamhail seo den iarratas ar chistiú	
1.	Litir chlúdaigh ina léirítear méid na ranníocaíochta a iarradh do bhliain airgeadais n agus í sínithe ag an ionadaí dlíthiúil	☐
2.	Litir ó ionadaí dlíthiúil lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin thar ceann an iarratasóra	☐
3.	Liosta de na daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu ar an eagraíocht is iarratasóir, amhail an tUachtarán, comhaltaí an Bhoird, an tArd-Rúnaí, an Cisteoir [2]	☐
4.	Cruthúnas ar chlárú ag an Údarás ar dháta an iarratais ar chistiú (i gcás iarratasóirí nach bhfuil an cinneadh le haghaidh clárúcháin ar fáil go fóill ina leith, i.e. nár foilsíodh fós ar shuíomh gréasáin an Údaráis ná san Iris Oifigiúil), agus dóibh siúd amháin,	☐
5.	Liosta dá Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, le cruthúnas cothrom le dáta ar bhallraíocht agus ina leagtar amach ainm, tír thionscnaimh, cleamhnacht dhíreach nó indíreach leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach [3] agus ainm an pháirtí náisiúnta nó réigiúnaigh ábhartha (más infheidhme) [4]	☐
6.	Fianaise lena léirítear go ndearna a bhallpháirtithe ón Aontas Eorpach, mar riail, clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir, go ceann tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2021 agus an 30 Meán Fómhair 2022.	☐
7.	I gcás iarratasóir nua nach bhféadfadh na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE, Euratom) 1141/2014 a chomhlíonadh, agus sa chás sin amháin: na ráitis airgeadais is déanaí iniúchta a d'ullmhaigh cuntasóir gairmiúil	☐
	Doiciméid nach mór a sholáthar agus a áirítear sa tsamhail seo den iarratas ar chistiú	

(1) Is ionann catagóir an chistithe agus an ranníocaíocht le páirtithe polaitiúla Eorpacha, de bhun Theideal XI den Rialachán Airgeadais (IO L 193, 30.7.2018. lch. 1).


(2) Mar shampla, maidir le forálacha ábhartha reachtanna an iarratasóra, i gcás inarb infheidhme.

(3) I gcás Feisirí atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach *go díreach* ar bhonn aonair, ní mór foirm bhallraíochta ó gach Feisire de na Feisirí a éilíonn an t-iarratasóir a chur ar fáil. I gcás Feisirí atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach *go hindíreach* trína mballpháirtí, tá na doiciméid seo a leanas riachtanach: foirm bhallraíochta do gach ballpháirtí, arna síniú ag duine atá údaraithe go dlíthiúil ionadaíocht a dhéanamh ar an mballpháirtí sin nó, mar mhalairt air sin, cruthúnas gur íocadh táille bhallraíochta 2022 i bhfoirm aistriú bainc a eascraíonn ó gach ballpháirtí nó, mar mhalairt air sin, foirm bhallraíochta ó gach ceann de na Feisirí a éilíonn an t-iarratasóir. Is féidir foirmeacha ballraíochta d'Fheisirí agus do bhallpháirtithe a iarraidh ar an Údarás.

(4) Má chuir páirtí polaitiúil Eorpach cuid de na doiciméid atá sainaitheanta thuas ar fáil don Údarás le déanaí, ní iarrfaidh PE an doiciméadacht sin a thabhairt ar aird arís. Tá sé de dhualgas, áfach, go leagfadh gach iarratasóir amach go soiléir ina iarratas cad iad na doiciméid a sholáthair sé don Údarás agus cathain a chuir sé ar fáil iad.

Uimhir an doiciméid:	Doiciméid atá le soláthar	
8.	Foirm aitheantais airgeadais (i gcás iarratasóir nua amháin, nó i gcás athruithe ar ainm, seoladh nó cuntas bainc)	☐
9.	Dearbhú maidir le téarmaí agus coinníollacha ginearálta maille le critéir eisiaimh	☐
10.	Buiséad measta comhardaithe	☐

FOIRM UM SHAINAITHINT AIRGEADAIS



DEARBHÚ MAIDIR LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAILLE LE CRITÉIR EISIAIMH

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, ionadaí dlíthiúil [cuir isteach ainm an iarratasóra] a dheimhniú:

— Go bhfuil na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta mar a leagtar síos sa samhail-chomhaontú ranníocaíochta léite agam agus go nglacaim leo,

— nach bhfuil an t-iarratasóir i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagail 136(1)(*) agus 141(*) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an Rialachán Airgeadais") ([5]),

— nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1)(*) agus i bpointí (v), (vi) agus (vii) d'Airteagal 27(2)(a)(*) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

— go bhfuil fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas seo agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis cruinn agus nach ndearnadh aon fhaisnéis a choinneáil siar, go hiomlán ná go páirteach, ó Pharlaimint na hEorpa.

Síniú údaraithe

Teideal (...Uasal, an tUasal, an tOllamh, etc) ainm agus céadainm:	
Feidhm san eagraíocht atá ag déanamh iarratais ar chistiú:	
Áit/Dáta:	
Síniú:	

(*) Déantar tagairt anseo thíos do na hAirteagail atá liostaithe thuas:

Airteagal 136(1) den Rialachán Airgeadais

Eisiafaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) ó pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta um dhámhachtain atá á rialú leis an Rialachán seo nó ó bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme sa chás go bhfuil an duine nó an t-eintiteas sin i gceann amháin nó níos mó de na staideanna eisiaimh seo a leanas:

(a) tá an duine nó an t-eintiteas ina fhéimheach, faoi réir nósanna imeachta dócmhainneachta nó imeachtaí foirceanta, tá a sócmhainní á riaradh ag leachtaitheoir nó ag cúirt, i gcomhshocraíocht le creidiúnaithe, tá a ngníomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí, nó tá sé in aon chás analógach a eascraíonn as nós imeachta den chineál céanna dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta;

(b) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ag sárú a chuid oibleagáidí i ndáil le cánacha a íoc nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a dhéanamh gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

(c) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin nó caighdeáin eiticiúla infheidhme na gairme lena mbaineann an duine nó an t-eintiteas a shárú, nó go raibh sé i mbun aon iompar éagórach a bhfuil tionchar aige ar a inchreidteacht ghairmiúil i gcás ina léirítear leis an iompar sin intinn éagórach nó mórfhaillí, lena n-áirítear, go háirithe, aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) bréagléiriú a thabhairt go calaoiseach nó go faillíoch ar fhaisnéis a theastaíonn chun a fhíorú nach bhfuil forais eisiaimh ann nó chun na critéir incháilitheachta nó roghnúcháin a chomhlíonadh nó chun an gealltanas dlíthiúil a chur chun feidhme;

(ii) chuaigh sé i mbun comhaontú le daoine nó eintitis eile chun iomaíocht a shaobhadh;

(iii) sháraigh sé cearta maoine intleachtúla;

(iv) rinne sé iarracht tionchar a imirt ar phróiseas cinnteoireachta an oifigigh atá freagrach le linn an nós imeachta um dhámhachtain;

(v) rinne sé iarracht teacht ar fhaisnéis rúnda a d'fhéadfadh buntáistí míchuí a thabhairt dó sa nós imeachta um dhámhachtain;

([5]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([6]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1.

(d) suíodh le breithiúnas críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) calaois, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Iúil 1995 ón gComhairle;

(ii) éilliú, mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2017/1371 agus éilliú gníomhach de réir bhrí Airteagal 3 den Choinbhinsiún maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirteach ann, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Bealtaine 1997 ón gComhairle agus iompar dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle , chomh maith le héilliú mar a shainmhínítear i ndlíthe infheidhme eile é;

(iii) iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil, amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;

(iv) sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, de réir bhrí Airteagal 1(3), (4) agus (5) de Threoir (AE)2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(v) cionta sceimhlitheoireachta nó cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1 agus Airteagal 3 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle, faoi seach, nó na cionta sin a spreagadh, cabhrú leo, iad a neartú nó ag féachaint leis na cionta sin a dhéanamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chinneadh sin;

(vi) saothar leanaí nó cionta eile a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(e) léirigh an duine nó an t-eintiteas easnaimh shuntasacha maidir leis na príomhoibleagáidí a chomhlíonadh atá ag baint le gealltanas dlíthiúil a chomhlíonadh arna mhaoiniú ag buiséad an Aontais agus gur eascair ceann de na torthaí seo a leanas as:

(i) d'eascair luathfhoirceannadh gealltanais dhlíthiúil as;

(ii) d'eascair cur i bhfeidhm damáistí leachtaithe nó pionós conarthach eile as; nó

(iii) fuair oifigeach údarúcháin, OLAF nó an Chúirt Iniúchóirí na heasnaimh sin amach tar éis seiceálacha, iniúchtaí nó imscrúduithe;

(f) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go ndearna an duine nó an t-eintiteas neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle;

(g) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur chruthaigh an duine nó an t-eintiteas eintiteas i ndlínse eile agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó oibleagáidí dlíthiúla eile i ndlínse a oifige cláraithe, a riaracháin lárnaigh nó a lárionaid riaracháin;

(h) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach gur cruthaíodh eintiteas leis an intinn dá dtagraítear i bpointe (g).

Airteagal 141(1) den Rialachán Airgeadais

Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach rannpháirtí a dhiúltú i gcás nós imeachta um dhámhachtain más fíor i gcás an rannpháirtí sin:

(a) go bhfuil sé i staid eisiaimh arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 136;

(b) gur thug sé bréagléiriú ar an bhfaisnéis a éilítear mar choinníoll le páirt a ghlacadh sa nós imeachta, nó gur mhainnigh sé an fhaisnéis sin a sholáthar;

(c) go raibh baint aige cheana le doiciméid a ullmhú a úsáideadh i nós imeachta um dhámhachtain agus gur sáraíodh, tríd sin, prionsabal na córa comhionainne, lena n-áirítear saobhadh iomaíochta nach féidir a leigheas ar shlí eile.

I gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, ní fhéadfaidh an t-iarratasóir a bheith faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1) agus i bpointí (a)(v), (vi) agus (vii) d'Airteagal 27(2).

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 - Airteagal 27(1):

I gcomhréir le hAirteagal 16, déanfaidh an tÚdarás cinneadh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhaint den Chlár trí bhíthin smachtbhanna in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inár cinneadh i mbreithiúnas a bhfuil fórsa res judicata aige go raibh an páirtí nó an fhondúireacht lena mbaineann páirteach i ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais;

(b) i gcás ina suífear, de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 10(2) go (5), nach gcomhlíonann sé a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) nó (2);

(ba) i gcás ina bhfuil cinneadh an páirtí nó an fhondúireacht lena mbaineann a chlárú bunaithe ar fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach as a bhfuil an t-iarratasóir freagrach, nó i gcás ina bhfuarthas cinneadh den sórt sin trí chalaois; nó

(c) más rud é go dtagann iarraidh ó Bhallstát ar dhíchlárú ar bhonn mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí faoin dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus go gcomhlíonann an iarraidh sin na ceanglais a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 16(3).

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 - Airteagal 27(2)(a)(v), (vi) agus (vii);

Forchuirfidh an tÚdarás smachtbhannaí airgeadais sna cásanna seo a leanas:

(a) sáruithe neamh-inchainníochtaithe:

(v) i gcás ina bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach faoi réir breithiúnas a bhfuil fórsa res judicata aige i gcás gníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais;

(vi) más rud é go ndearna páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, tráth ar bith agus d'aon ghnó faisnéis a fhágáil ar lár nó faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a thabhairt nó i gcás ina mbraitheann na comhlachtaí atá údaraithe leis an Rialachán seo chun tairbhithe an chistithe ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a iniúchadh nó seiceálacha a dhéanamh orthu míchruinnis sna ráitis airgeadais bhliantúla a mheastar a bheith ina n-easnaimh ábhartha nó ina míráitis d'ítimí i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 iad;

(vii) i gcás ina suífear, i gcomhréir leis an nós imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 10ú, gur imir páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach tionchar d'aon gnó nó gur fhéach sé nó sí le tionchar a imirt ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa trí leas a bhaint as sárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

IARSCRÍBHINN b

BUISÉAD MEASTA

Caiteachas				**Ioncam**		
Caiteachas inaisíoctha	Buiséad	Iarbhír			Buiséad	Iarbhír
A.1: **Costais phearsanra** 1. Tuarastail 2. Ranníocaíochtaí 3. Oiliúint ghairmiúil 4. Speansais mhisin na foirne 5. Costais eile phearsanra				D.1-1. Cistiú ó Pharlaimint na hEorpa arna thabhairt ar aghaidh ó bhliain N-1	n/b	
				D.1-2. Cistiú arna dhámhachtain le haghaidh bhliain N ag Parlaimint na hEorpa		
				D.1. Cistiú ó Pharlaimint na hEorpa arna úsáid chun 90 % de chaiteachas inaisíoctha a chumhdach i mbliain N		
				D.2 Ranníocaíochtaí comhaltaí		
				2.1 ó bhallpháirtithe 2.2 ó chomhaltaí aonair		
A.2: **Costais bhonneagair agus oibriúcháin** 1. Cíos, muirir agus costais chothabhála 2. Costais a bhaineann le trealamh a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil 3. Dímheas maoine sochorraithe agus dochorraithe 4. Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige 5. Muirir phoist agus theileachumarsáide 6. Costais chlódóireachta, aistriúcháin agus atáirgthe 7. Costais eile bhonneagair				D.3 Deonacháin		
				D.4 Acmhainní dílse eile		
				(le sonrú)		
A.3: **Costais riaracháin** 1. Costais doiciméadachta (nuachtáin, gníomhaireachtaí preasa, bunachair sonraí) 2. Costais ar staidéir agus taighde 3. Costais dlí 4. Costais chuntasaíochta agus iniúchta 5. Costais ilghnéitheacha riaracháin 6. Tacaíocht d'eintitis chomhlachaithe						
A.4: **Costais cruinnithe agus ionadaíochta** 1. Costais cruinnithe 2. Rannpháirtíocht i seimineáir agus comhdhálacha						

Caiteachas				Ioncam		
3. Costais ionadaíochta 4. Costais cuirí 5. Aon chostais eile a bhaineann le cruinnithe						
A.5: **Costais faisnéise agus foilsitheoireachta** 1. Costais an fhoilsithe 2. Cruthú agus oibriú suíomhanna idirlín 3. Costais phoiblíochta 4. Trealamh cumarsáide (giuirléidí) 5. Seimineáir agus taispeántais 6. Feachtais toghcháin 7. Costais eile a bhaineann le faisnéis						
A. CAITEACHAS IOMLÁN INAISÍOCTHA						
Caiteachas neamh-inaisíoctha 1. Leithdháileadh chuig forálacha eile 2. Muirir airgeadais 3. Caillteanais mhalairte 4. Éilimh amhrasacha ar thríú páirtithe 5. Eile (le sonrú) 6. Ranníocaíochtaí comhchineáil						
B. CAITEACHAS IOMLÁN NEAMHINAISÍOCTHA				D.5 Ranníocaíochtaí comhchineáil		
C. CAITEACHAS IOMLÁN				D: IOMLÁN AN IONCAIM		
				E. Brabús/Caillteanas (D-C)		
F. Acmhainní dílse a leithdháileadh chuig an gcuntas cúlchistí						
G. Brabús/Caillteanas as a fhíorú an bhfuiltear ag comhlíonadh na rialacha gan brabús a dhéanamh (E-F)						
H. Ús ó réamh-mhaoiniú						
I. Cistiú ó Pharlaimint na hEorpa arna thabhairt ar aghaidh chuig bliain N +1						